# Fógra maidir le tionscadal beartaithe de bhun Rialachán 42(13) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011)[1]

**I. An láthair, lena n-áirítear an baile fearainn agus an contae, lena mbaineann an t-iarratas**

Tá an tionscadal beartaithe do bhailte fearainn An Choireán agus an Baile Breac i gContae Chiarraí.

**II. Cineál agus méid an tionscadail atá beartaithe**

Cuimseoidh na hoibreacha atá beartaithe ar Dhroichead an Choireáin:

- Claífoirt/sraodbhallaí: Gach fásra laistigh de 1m den struchtúr a ghearradh siar (c. 20m2).
- Dromchla an droichid: Fásra a bhaint de imill an bhóthair agus gach smionagar, siolta agus fásra a bhaint de lintéir draenála an droichid (4 cinn).
- An Teannta theas: Deisiúcháin chloiche ina dhiaidh sin deisiúcháin choincréite ar an gcosaint sciúrtha faoin líne uisce agus an tsaoirseacht a athphointeáil.
- An ché theas: Deisiúcháin saoirseachta agus athphointeáil os cionn agus faoi líne an uisce ar gach éadan.
- An Ché thuaidh: Codanna scoilte a bhaint den chosaint sciúrtha coincréite, go príomha ar an ingearchló thiar (i dtreo bhéal na hAbhann), gan é a deisiú/athsholáthar; deisiúcháin saoirseachta agus athphointeáil os cionn agus faoi líne an uisce.
- An Teannta thuaidh: Níl aon oibreacha beartaithe.
- Ghrinneall na hAbhann: Armúr carraige (rip-rap) a shuiteáil faoi ghrinneall na habhann in aice leis na teanntaí agus na céanna (seachas an teannta thuaidh).
- Áirsí bairilleacha agus sciatháin/ascaillí stua/ballaí coinneála: An fásra éadrom a bhaint(de láimh) agus athphointeáil, nuair is gá.
- Uchtbhallaí: Atógáil cloiche logánaithe agus deisiúcháin chóipeála (c. 1m ar fad); fásra éadrom a bhaint (de láimh) agus athphointeáil, nuair is gá.

Tá sonraí breise ar chineál agus ar mhéid na n-oibreacha cothabhála frithghníomhacha atá beartaithe le fáil laistigh i *TO 334 Conradh Cothabhála Téarma Dhroichid na Mumhan Uimh. 4 – Droichead an Choireáin – Ráiteas Tionchair Natura* (Ath. 1, WS Atkins Ireland Teoranta, 4 Márta 2023).

**III. Na cinntí féideartha**

Cinnfidh Bonneagar Iompair Éireann de bhun Rialachán 42(11) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011) agus Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga cibé acu an ndéanfadh nó nach ndéanfadh na hoibreacha cothabhála frithghníomhacha don droichead atá beartaithe dochar do shláine láithreáin Eorpaigh.

**IV. Cá háit agus cén uair is féidir na doiciméid a**

Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil an tionscadail bheartaithe a fheiceáil ar líne ar shuíomh Gréasáin Bhonneagar Iompair Éireann (https://www.tii.ie/).

[1] Rialachán 42(13) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (S.I. Uimh. 477 de 2011), arna ionadú le Rialachán 6(b) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (Leasú), 2021 I.R. Uimh. 293 de 2021).

Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil an tionscadail bheartaithe a fheiceáil saor in aisce ach coinne a dhéanamh ag oifigí Bhonneagar Iompair Éireann ag an seoladh seo a leanas:

Ionad Gnó Gheata na Páirce,
Sráid Gheata na Páirce,
Baile Átha Cliath 8,
D08 DK10,
Éire.

Is féidir coinní féachana a shocrú trí scríobh chuig an seoladh poist thuas nó ríomhphost a sheoladh chuig: EnvironmentalPolicyCompliance@tii.ie

Is féidir an Ráiteas Tionchair Natura agus léarscáil den tionscadal molta a cheannach freisin ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann lena leithéid a chur ar fáil. Is féidir iarratais ar chóipeanna crua a cheannach a dhéanamh trí na seoltaí ríomhphoist agus poist thuas.

**V. Féadfaidh duine aighneachtaí nó tuairimí a chur faoi bhráid an údaráis phoiblí laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra**

Féadfaidh baill an phobail aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh i scríbhinn maidir leis an tionscadal molta (laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra seo) chuig Bonneagar Iompair Éireann.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a sheoladh trí ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: EnvironmentalPolicyCompliance@tii.ie

Nó is féidir aighneachtaí nó tuairimí a sheoladh tríd an bpost chuig:

An Rannóg um Beartas agus Comhlíonadh Comhshaoil,
Bonneagar Iompair Éireann,
Ionad Gnó Gheata na Páirce,
Sráid Gheata na Páirce,
Baile Átha Cliath 8,
D08 DK10,
Éire.

**VI. Aon sonraí eile maidir le rannpháirtíocht an phobail**

Beidh aird ag Bonneagar Iompair Éireann ar aon aighneachtaí nó tuairimí a gheofar ón bpobal.

Déanfar sonraí pearsanta atá in aighneachtaí nó tuairimí a phróiseáil de réir Fhógra Cosanta Sonraí TII atá ar fáil ar www.tii.ie.

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí a chur ar aghaidh chuig ár soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, lena n-áirítear Atkins, lena n-anailísiú, lena mbreithniú agus lena bhfreagairt. Féadfar anailís, breithniú agus freagairt den sórt sin a thaifead.

**VII. Aon fhaisnéis eile a mheasann an t-údarás poiblí í a bheith ábhartha**

D’fhéadfadh roinnt den fhaisnéis atá sa Ráiteas Tionchair Natura, dá gcuirfí ar fáil go poiblí é, a bheith ina riosca do chaomhnú speiceas nó do chaomhnú gnáthóg atá faoi chosaint. Ar an gcúis sin, rinneadh an fhaisnéis seo a fholú. Folaíodh sonraí pearsanta freisin de bhun cheanglais an Rialacháin Ghinearálta maidir le cosaint Sonraí.

Dáta: An 11 Márta 2024.